# <u>Dearbhú Brdo, 6 Deireadh Fómhair 2021</u>

I gcomhairle le ceannairí na mBalcán Thiar, agus i láthair na ngeallsealbhóirí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, tháinig muidne, ceannairí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát, ar chomhaontú inniu maidir leis an méid seo a leanas:

1. Athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht gan staonadh do pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar agus is díol sásaimh dó tiomantas chomhpháirtithe na mBalcán Thiar don pheirspictíocht Eorpach, atá chun ár leas straitéiseach frithpháirteach agus atá fós ina rogha straitéiseach chomhroinnte againn. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do phróiseas an **mhéadaithe** agus do na cinntí a rinneadh ina leith, bunaithe ar athchóirithe inchreidte ag comhpháirtithe, ar choinníollacht chothrom dhocht agus ar phrionsabal na dtuillteanas dílis. Neartóimid a thuilleadh ár dteagmhálacha comhpháirteacha chun claochlú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin a thabhairt ar aghaidh, agus an dul chun cinn atá déanta ag na Balcáin Thiar á aithint againn ag an am céanna. Meabhraítear dúinn freisin a thábhachtaí atá sé gur féidir leis an Aontas a fhorbairt féin a choinneáil agus a dhoimhniú, lena n-áirithítear a acmhainneacht comhaltaí nua a lánpháirtiú.

2. Athdhearbhaíonn comhpháirtithe na mBalcán Thiar a dtiomantas do **luachanna agus prionsabail Eorpacha** agus i leith na n-athchóirithe riachtanacha a dhéanamh ar mhaithe le leas na muintire. Is díol sásaimh don Aontas tiomantas athdhearbhaithe chomhpháirtithe na mBalcán Thiar do **phríomhacht an daonlathais, luachanna bunúsacha agus an smachta reachta,** agus a dtiomantas leanúint dá gcuid iarrachtaí maidir le comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, tacaíocht don dea-rialachas, do chearta an duine, don chomhionannas inscne agus do chearta na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Tá inchreidteacht na ngealltanas sin ag brath ar chur chun feidhme fóinteach na n-athchóirithe riachtanacha, agus ar chuntas fónta teiste a thógáil a mbeidh cumarsáid phoiblí shoiléir chomhsheasmhach mar bhonn taca leis. Is gnéithe ríthábhachtacha de gach córas daonlathach iad **sochaí shibhialta** chumhachtaithe agus **meáin neamhspleácha iolraíocha** agus is díol sásaimh dúinn an ról atá acu sna Balcáin Thiar agus tacaímid leis an ról sin.

3. Is é an tAontas, go mór, **an comhpháirtí is dlúithe** dá bhfuil ag an réigiún, an **príomhinfheisteoir** agus an **príomhdheontóir** atá aige. Ní mór do na comhpháirtithe scála agus raon dífhasaigh na tacaíochta sin **a aithint agus a chur in iúl ina n-iomláine** sna **díospóireachtaí poiblí agus sa chumarsáid phoiblí** a dhéanann siad.

4. An **tacaíocht ón Aontas**, beidh sí ag brath i gcónaí ar dhul chun cinn nithiúil maidir leis an smacht reachta agus maidir le hathchóirithe socheacnamaíocha, agus beidh sí ag brath ar na comhpháirtithe a bheith ag cloí le luachanna, rialacha agus caighdeáin Eorpacha.

5. Tacaíonn an tAontas go huile agus go hiomlán leis an ngealltanas athdhearbhaithe a thug comhpháirtithe na mBalcán Thiar go ndéanfaí **an comhar réigiúnach uilechuimsitheach a fheabhsú agus an dea-chaidreamh comharsanachta a neartú**, lena n-áirítear le Ballstáit an Aontais. Is den tábhacht i gcónaí comhaontuithe déthaobhacha a mbeadh torthaí nithiúla orthu a chur chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh maidir le Dea-Chaidreamh Comharsanachta leis an mBulgáir. Ní mór tuilleadh iarrachtaí cinntitheacha a dhéanamh **an t-athmhuintearas** agus an chobhsaíocht réigiúnach a chothú agus, chomh maith leis sin, teacht ar réitigh chinntitheacha uilechuimsitheacha cheangailteacha ar **dhíospóidí déthaobhacha** na gcomhpháirtithe agus ar **imris** atá fréamhaithe in oidhreacht an ama atá caite, chomh maith le réitigh ar na cásanna maidir le daoine ar iarraidh atá fós gan réiteach agus ar imris a bhaineann le coireanna cogaidh, agus na réitigh sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus na prionsabail bhunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Saincheisteanna Comharbais.

6. Tacaímid go hiomlán leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag **Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh** don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar agus táimid ag súil go ndéanfaidh an dá Pháirtí dul chun cinn nithiúil chun an caidreamh atá eatarthu a normalú go hiomlán, rud atá ríthábhachtach do chobhsaíocht agus d’fhorbairt an réigiúin ar fad agus chun a áirithiú go bhféadfaidh siad leanúint ar a gconairí Eorpacha faoi seach.

***COVID-19***

7. Tá diantionchar á imirt fós ag **géarchéim COVID-19** ar ár sochaithe agus ar ár ngeilleagair. Cuirtear i dtábhacht léi riachtanas agus buntáistí na **dlúth-chomhpháirtíochta éifeachtaí** atá eadrainn. Le linn na paindéime, sheas an tAontas agus a Bhallstáit leis na Balcáin Thiar, agus cuireadh tacaíocht EUR **3,3 billiún** ar fáil go dtí seo do chúrsaí sláinte agus socheacnamaíocha don réigiún, tacaíocht nach bhfacthas a leithéid riamh. Tá dlúthbhaint ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar le tionscnaimh an Aontais, go háirithe an Coiste Slándála Sláinte, an Córas Luathrabhaidh, na Lánaí Glasa agus an Comhaontú maidir le Soláthar Comhpháirteach chun frithbhearta leighis a sholáthar. Tá an tAontas réidh le tuilleadh feabhais a chur ar an rochtain ar vacsaíní, ar dhiagnóis agus ar theiripí agus le **hintuarthacht** agus **athléimneacht** níos fearr i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a áirithiú.

8. Ina theannta sin, aithníonn an tAontas an **mhórthacaíocht atá tugtha ag na Balcáin Thiar** dá chéile agus don Aontas le linn na paindéime. Is léiriú an méid sin ar an dlúthpháirtíocht agus ar an tacaíocht ar orthu atá an tAontas fothaithe. Ba cheart leanúint den chomhar agus den chomhordú sin san am atá romhainn, lena n-áirítear le linn an téarnaimh ar fad.

9. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht dhiongbháilte a thabhairt do na Balcáin Thiar, **go háirithe a mhéid a bhaineann le vacsaíní a sholáthar**. Chuir an tAontas agus a Bhallstáit **2,9 milliún** dáileog vacsaíne ar fáil trí bhealaí éagsúla do na Balcáin Thiar, agus tá níos mó acu le teacht. Tacóidh an tAontas le pleananna vacsaínithe na gcomhpháirtithe uile chun cabhrú le rátaí vacsaínithe ar chomhchosúlacht le meánrátaí vacsaínithe an Aontais a bhaint amach faoi dheireadh 2021.

***Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta na mBalcán Thiar***

10. Tar éis an ghlao ó na ceannairí ag Cruinniú Mullaigh Shágraib, thíolaic an tAontas **Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta (EIP)** agus treoirlínte maidir le Cur chun feidhme an **Chláir Oibre Ghlais do na Balcáin Thiar**. Leagtar amach sa Phlean **pacáiste suntasach infheistíochta lena ndéanfar tuairim is EUR 30 billiún a shlógadh** don réigiún sna seacht mbliana atá romhainn, pacáiste ina mbeidh cistiú deontas EUR 9 mbilliún agus EUR 20 billiún in infheistíochtaí, arna ngiaráil faoi Shaoráid nua Ráthaíochta na mBalcán Thiar. Chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag EIP a uasmhéadú, ní mór do chomhpháirtithe na mBalcán Thiar tabhairt faoi athchóirithe eacnamaíocha agus sóisialta ar bhealach cinntitheach chomh maith leis an smacht reachta a neartú. Is féidir leis an bplean borradh a chur faoi théarnamh agus iomaíochas socheacnamaíoch glas fadtéarmach an réigiúin, tacú le haistriú glas agus digiteach an réigiúin, nascacht inbhuanaithe, comhtháthú réigiúnach, trádáil, agus ar an gcaoi sin comhar agus cóineasú leis an Aontas a neartú, lena n-áirítear le spriocanna aeráide an Aontais.

11. Is díol sásaimh dúinn gur glacadh le déanaí an creat dlíthiúil do chur chun feidhme **IPA[1] III**, a bheidh fós mar phríomhfhoinse cúnaimh airgeadais don réigiún, lena n-áirítear do EIP. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún pacáiste infheistíochta EUR 600 milliún a mholadh faoi IPA 2021 chun EIP a chur chun feidhme do na Balcáin Thiar, faoi réir nósanna imeachta i gcomhréir le creat clársceidealaithe agus rialacha cur chun feidhme IPA III. In éineacht leis an togra EUR 500 milliún a fógraíodh i mí Iúil, chuirfeadh sé sin EUR **1,1 billiún** ar fáil ar an iomlán do chur chun feidhme EIP faoi dheireadh 2021.

---

1 An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)

12. Agus tiomantas cheannairí na mBalcán Thiar an **Clár Oibre Glas** a chur chun feidhme go hiomlán á admháil againn, is díol sásaimh dúinn an comhaontú maidir leis an bPlean Gníomhaíochta a bhaineann leis. I gcomhréir leis an gComhaontú Glas, tá an Clár Oibre ina mhórspreagadh leis an aistriú chuig geilleagair atá **nua-aimseartha**, **carbón-neodrach**, **aeráid-díonach** agus **tíosach ar acmhainní**, chun leas iomlán a bhaint as poitéinseal an gheilleagair chiorclaigh, truailliú a chomhrac agus bainistiú dramhaíola a fheabhsú. Beidh tiomantas láidir ón réigiún ag teastáil chun é a chur chun feidhme go rathúil. Is den ríthábhacht tréaniarracht a dhéanamh ar mhaithe le haistriú tráthúil éifeachtach ó ghual a áirithiú trí úsáid a bhaint as breoslaí in-athnuaite nó breoslaí ar lú a lorg carbóin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt don tslándáil fuinnimh freisin, lena n-áirítear éagsúlú foinsí agus conairí. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don réigiún maidir leis an gClár Oibre Glas a chur chun feidhme, agus maidir le beartas praghsála carbóin a fhorbairt i gcomhthéacs an tSásra AE um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil agus airgeadais a chur ar fáil.

13. Cothaítear fuinneamh as an nua le EIP lena bhfeabhsaítear gach gné den **nascacht**, laistigh de na Balcáin Thiar agus leis an Aontas araon. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don **chomhar réigiúnach** uilechuimsitheach. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí cinntitheacha ó cheannairí na mBalcán Thiar chun **a ngealltanas a chomhlíonadh maidir le Cómhargadh Réigiúnach a bhunú**, mar a comhaontaíodh ag Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín i Sóifia in 2020. Cuideoidh sin leis an réigiún dul chun cinn a dhéanamh maidir lena chonair Eorpach agus beidh tairbhí follasacha ag baint leis do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as poitéinseal an chomhtháthaithe eacnamaíoch réigiúnaigh chuimsithigh chun borradh a chur faoi théarnamh socheacnamaíoch an réigiúin agus an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as na hinfheistíochtaí a eascraíonn as EIP. Tá tiomantas láidir ag teastáil ón réigiún ar fad chun an chaibidlíocht réigiúnach ábhartha a thabhairt i gcrích go pras.

14. Tá comhaontaithe ag an Aontas agus ag na Balcáin Thiar dlús a chur leis na hiarrachtaí **feabhas a chur ar chomhtháthú margaidh na mBalcán Thiar le Margadh Aonair an Aontais**. I ndáil leis sin, le EIP, cruthaítear bonn láidir chun comhtháthú margaidh an réigiúin laistigh de Mhargadh Aonair an Aontais a chur i bhfeidhm, go háirithe i réimsí amhail íocaíochtaí trasteorann (SEPA), earraí tionsclaíocha agus tomhaltóirí, ríomhthráchtáil agus custaim.

15. **Is bunchloch de chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais agus na mBalcán Thiar í an t-iompar** inbhuanaithe. Is tosaíocht é an nascacht iompair a fhorbairt a thuilleadh – laistigh den réigiún agus leis an Aontas, chun éifeachtúlacht agus sábháilteacht na seirbhísí iompair a fheabhsú, agus chun cuspóirí na soghluaisteachta glaise agus inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe maidir le **nascacht iarnróid agus uiscebhealaí intíre**.

I gcomhthéacs na nascachta inbhuanaithe, is díol sásaimh dúinn **Pleananna Gníomhaíochta an Chomhphobail Iompair** a formhuiníodh le déanaí maidir leis an iarnród, bóithre, sábháilteacht ar bhóithre, éascú iompair agus iompar d'uisce.

16. Ag tógáil ar chur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe maidir le Fánaíocht Réigiúnach agus ar thús an chórais fánaíochta sna Balcáin Thiar amhail ón 1 Iúil 2021, is díol sásaimh dúinn an treochlár fánaíochta, lena gcruthófar na coinníollacha agus lena socrófar spriocanna soiléire chun **costais fánaíochta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar** a laghdú.

17. Is díol sásaimh dúinn coincheap na **Lánaí Glasa idir an tAontas agus na Balcáin Thiar** agus tacaímid lena chur i bhfeidhm praiticiúil ag na teorainneacha ábhartha uile agus lánurraim á tabhairt do *acquis* agus do nósanna imeachta riachtanacha an Aontais.

18. Tá **Clár Oibre tiomnaithe do na Balcáin Thiar maidir le Nuálaíocht, Taighde, Oideachas, Cultúr, an Óige agus Spórt –** ***Innovation Agenda for the Western Balkans*** **[Clár Oibre um Nuálaíocht do na Balcáin Thiar]** - á sheoladh inniu. Cuirfear barr feabhais eolaíoch chun cinn leis chomh maith le hathchóiriú ar chórais oideachais an réigiúin, cruthófar tuilleadh deiseanna don óige, agus cuideofar chun imirce daoine oilte a chosc. Táimid ag tnúth le cur chun feidhme pras a Phlean Gníomhaíochta.

***Comhar Polaitiúil agus Slándála***

19. Léirítear treoshuíomh straitéiseach ár gcomhpháirtithe go soiléir trína seasamh in éineacht leis an Aontas. Dá bhrí sin, athdhearbhaímid go bhfuilimid ag súil go ndéanfaidh na comhpháirtithe an comhar a dhoimhniú a thuilleadh i réimse an **Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES)** agus go ndéanfaidh siad dul chun cinn inláimhsithe inbhuanaithe i dtreo **seasamh iomlán le seasaimh chomhbheartas eachtrach an Aontais agus gníomhú dá réir**, lena n-áirítear seasaimh i bhfóraim idirnáisiúnta mar chuid thábhachtach dá gconair Eorpach. Is díol sásaimh dúinn go bhfuil roinnt comhpháirtithe **ag seasamh go hiomlán** le gach cinneadh agus dearbhú CBES agus molaimid dóibh leanúint d'amhlaidh a dhéanamh. Tá an tAontas réidh leis an **idirphlé polaitiúil** a neartú a thuilleadh maidir le hábhair a bhaineann le CBES.

20. Tá roinnt **dúshlán slándála** i bpáirt ag an Aontas agus na Balcáin Thiar, dúshláin a éilíonn gníomhaíocht chomhordaithe. Aontaímid ár gcomhar a neartú maidir le saincheisteanna lárnacha slándála, lena n-áirítear ar an **leibhéal oibríochtúil**, ag cur leis an obair a rinneadh faoi Chlár Oibre Tosaíochtaí Shóifia. Geallann ár gcomhpháirtithe a dtiomantas an tslándáil chomhroinnte a léiriú agus leanúint d'ionstraimí éifeachtacha a fhorbairt don chomhar laistigh de na Balcáin Thiar. Chruthaigh siad go bhfuil siad tiomanta do CBSC trí rannchuidiú le misin agus oibríochtaí an Aontais, agus oibreoimid le chéile chun a gcuid cumas agus acmhainneachtaí a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe tríd an tSaoráid Eorpach Síochána. Cuirfidh an tAontas feabhas freisin ar a rannpháirtíocht i réimsí amhail an spás agus an tsoghluaisteacht mhíleata chun rochtain ar chúnamh míleata sibhialta ar an réigiún a éascú i gcás paindéimí agus tubaistí nádúrtha.

21. Treiseoimid an comhar atá eadrainn agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an **mbréagaisnéis** agus ar bhagairtí **hibrideacha** eile, go háirithe agus iad á dtionscnamh ag gníomhaithe tríú stáit ag féachaint leis an mbonn a bhaint de pheirspictíocht Eorpach an réigiúin. Treiseoidh an tAontas agus na Balcáin Thiar an comhar maidir le **forbairt athléimneachta**, maidir lenár gcibearshlándáil chomhchoiteann agus lenár **gcibearthaidhleoireacht** chomhchoiteann a fheabhsú agus maidir leis an tionchar a bhíonn ag ár **gcumarsáid straitéiseach** a mhéadú.

22. Molaimid ár gcomhpháirtithe as a gcuid iarrachtaí leanúnacha agus as a g**comhar** cuiditheach ó thaobh na himirce, a raibh torthaí soiléire orthu. **Is dúshlán comhpháirteach é bainistiú imirce**, nach mór don Aontas agus do na Balcáin Thiar aghaidh a thabhairt air le chéile, i ndlúthchomhar le chéile.

23. Léirigh an comhar atá eadrainn i ndáil le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce an luach atá leis an gcomhar sin agus déanfar tuilleadh forbartha air. Tá an tAontas réidh le leanúint dá theagmhálacha agus **an tacaíocht a thugann sé a neartú trí chur chuige cuimsitheach saincheaptha**. Ba cheart a áireamh ar na réimsí fócais feabhas a chur ar na córais tearmainn, ar ghleic na smuigleála imirceach agus na himirce neamhdhleathaí, ar na próisis fillte, ar bhainistiú teorainneacha, malartú faisnéise agus acmhainneacht ghlactha. Ba cheart do na comhpháirtithe tuilleadh oibre a dhéanamh chun na córais um fhilleadh a fheabhsú, lena n-áirítear comhaontuithe um athligean isteach le príomhthíortha tionscnaimh a thabhairt i gcrích. Déanfar an comhar frithpháirteach maidir le filleadh a dhoimhniú, agus déanfar an leas is fearr is féidir a bhaint as creataí atá ann cheana agus as na bealaí atá ar fáil. Ba cheart an comhar le Frontex, leis an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn agus le Europol a neartú freisin. Ba cheart na comhaontuithe stádais atá fanta a thabhairt i gcrích le Frontex gan mhoill.

24. I bhfianaise **a thromchúisí atá an staid san Afganastáin**, oibreoidh an tAontas go dlúth lena chomhpháirtithe uile, lena n-áirítear na Balcáin Thiar, chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ag teacht chun cinn, agus chun freagairtí comhpháirteacha a chomhordú, de réir mar is iomchuí.

25. Is bagairtí tromchúiseacha fós ar an tslándáil san Aontas agus sa réigiún iomlán iad **an sceimhlitheoireacht, an radacú** agus **an choireacht eagraithe**. Iarraimid go ndéanfaí an comhar maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus maidir le comhrac an antoisceachais fhoréignigh a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear cosc a chur ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus an radacaithe. Athdhearbhaímid a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht dhaingean a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht thromchúiseach eagraithe, go háirithe **an gháinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine, sciúradh airgid, saothrú drugaí agus gáinneáil ar dhrugaí**.

26. Tá an tAontas iomlán tiomanta an trádáil aindleathach agus gáinneáil ar mhionairm agus armáin éadroma agus a n-armlón a chosc agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do na Balcáin Thiar sa réimse seo, lena n-áirítear i gcomhthéacs threochlár tiomanta na mBalcán Thiar i gcoinne gáinneáil aindleathach ar airm thine.

27. Chun ár gcomhleasanna a chur chun cinn a thuilleadh, cuirimid in iúl go bhfuilimid ullamh **an t-idirphlé polaitiúil rialta leis an réigiún a athbheochan agus a fheabhsú**. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dúinn go dtionólfar **Cruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar mar imeachtaí rialta.** Táimid ag tnúth leis an gcéad chruinniú mullaigh eile, a thionólfar in 2022.

***

28. Ní mór don Aontas agus do na Balcáin Thiar oibriú le chéile chun dul i ngleic le cúraimí cinniúnacha. Is díol sásaimh dúinn tionscnaimh na mBalcán Thiar chun cur leis an machnamh ar **thodhchaí na mór-roinne seo againne**. Táimid tiomanta i gcónaí éisteacht le muintir uile na hEorpa maidir leis na saincheisteanna atá tábhachtach dúinn uile – saoránaigh agus saoirsí a chosaint, bonn eacnamaíoch láidir bríomhar a fhorbairt, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn, an smacht reachta, Eoraip atá cóir agus sóisialta, athléimneacht na hEorpa a neartú, chomh maith le ról ceannasach na hEorpa ar fud an domhain.

29. Is díol sásaimh dúinn go bhfuil comhpháirtithe na mBalcán Thiar ag seasamh leis na pointí thuas.